Polasaí Gaeilge **13.11.09** **(Athbhreithniú 12.10.12)**

Riail na Gaeilge

Úsáidfidh gach dalta an Ghaeilge atá acu de réir a gcumais. Cuirfear ar fionraí aon dalta a bhíonn ag labhairt os ard i mBéarla nó a labhrann leis an bhfoireann i mBéarla gan gá.

Is scoil Ghaeltachta í Meánscoil San Nioclás. Aithníonn pobal na scoile an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus sealbhú na teanga agus na traidisiúin a bhaineann le saol na Gaeltachta. Glacaimid leis an bhfreagracht atá orainn tosaíocht a thabhairt don saol san.

Glacaimid leis na moltaí a éiríonn as an suirbhé Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (2004). Ag tacú leis na moltaí sa cháipéis sin atá an polasaí thíos leagtha amach.

Treoir ghinearálta

'Sí an Ghaeilge teanga na scoile. Ag gach ócáid, 'sí an Ghaeilge a bheidh chun tosaigh. Reachtálfar cruinnithe foirne, cruinnithe an Bhord Bainistíochta agus cruinnithe do dhaltaí na scoile go h-iomlán tré Ghaeilge.

Tá sprioc againn don Teastas Sóisearach agus don Ardteist: Sé sin go dtógfaidh gach uile dalta na páipéirí Gaeilge ag Ardleibhéal, san dá chás. Tá an sprioc san comhlíonta againn in 2012, 2011 agus 2012.

Tabharfar aitheantas ciallmhar do chuairteoirí, agus go háirithe do thuismitheoirí, nach bhfuil aon Ghaeilge acu, tríd achomair gairid, nó eochairfhocail a aistriú go Béarla.

Má bhíonn cur i láthair Powerpoint á thaispeáint ag múinteoirí nó daltaí na scoile, is i nGaeilge a bheidh sé; is féidir é a mhíniú go gairid i mBéarla más léir nach dtuigeann an lucht éisteachta é.

Déanfar sár-iarracht a chinntiú go mbeidh Gaeilge líofa ag aon aoi nó saineolaí a thagann chun labhairt nó plé leis na daltaí, leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí agus leis an mBord Bainistíochta ach, ar mhaithe le hoideachas ginearálta, glacfar le saineolaí le Béarla muna bhfuil a mhalairt ar fáil san ábhar.

Cuirfear fáilte roimh aon dream ó thíortha eile nach bhfuil Gaeilge acu má tá siad ag cur le h-eolas, cultúr nó oideachas pobal na scoile. Bíodh cead i scríbhinn ón mBord Bainistíochta, nó más práinneach ón bpríomhoide, roimh ré má ardaítear aon cheist fén gcúis.

Is i nGaeilge amháin a mhúinfear aon tsraith leanúnach de ranganna oíche. Má tá gá le cúrsa gairid do thuismitheoirí na Meánscoile, ar mhaithe leis na daltaí, a bheith tré Bhéarla, is féidir leis sin tarlú má bhíonn cead scrite ón mBord Bainistíochta.

Beidh na comharthaí thimpeall na scoile i nGaeilge, ach amháin cinn a bheadh ar leas oideachas nó sláinte na ndaltaí, agus muna mbíonn a mhalairt ar fáil.

Maidir le fógraí scrite a raghaidh amach go dtí na tuismitheoirí, beidh siad dhá-theangach; an Ghaeilge ar dtús i gcló níos mó.

Déanfar cúram ins an bPolasaí agus Nósmhaireacht Iontrála go mbeidh tuiscint iomlán ag gach dalta agus tuismitheoir ar an mbéim atá ar an teanga ionas go mbeidh siad cinnte go bhfuil an cinneadh ceart á dhéanamh acu sula roghnaíonn siad an scoil seo.

Múinteoirí

'Sé polasaí na scoile go gcuirfear chun cinn cúrsaí cultúrtha agus gach gné de shaol na Gaeltachta tré Ghaeilge; sé gnó na múinteoirí na cúrsaí seo a fhorbairt.

Tá Gaeilge líofa riachtanach do gach múinteoir. Is tré deashampla, labhairt agus líofacht Gaeilge, a spreagtar na daltaí chun an Ghaeilge a úsáid. Ní labharfaidh múinteoirí riamh lena chéile i mBéarla. 'Sí an Ghaeilge teanga an tSeomra Foirne, an seomra ranga, teanga na páirce imeartha, turasanna agus gach áit a mbíonn pobal na scoile bailithe.

Ach amháin i gcás práinne. nó ar bhonn sealadach, múinfear gach rang do na daltaí trí Ghaeilge. Má tá gá le miniú a threisiú i mBéarla, go háirithe i mBliain 1 nó Bl. 4, tá cead é sin a dhéanamh.

Tá sé de dhualgas ag gach múinteoir nach bhfuil líofacht foirfe labhartha agus scrite acu clárú ar chúrsa i rith na bliana nó/agus i rith laethannta saoire chun barr feabhais a chur orthu féin.

Bíonn maoiniú ar fáil ón scoil chuige seo ach é a lorg i scríbhinn ón bpríomhoide roimh ré. Tá Cúntóir Teanga ar fáil saor in aisce le cabhrú leis na múinteoirí maidir le labhairt na Gaeilge chomh maith.

Cuirfidh gach múinteoir Riail na Gaeilge i bhfeidhm. Úsáidfidh gach múinteoir an córas smachta céanna chun deighleáil leis na daltaí.

Úsáidfear téacsleabharacha agus áiseanna i nGaeilge, más ann dóibh. Muna mbíonn téacsanna oiriúnacha ar fáil, cuirfear iarratas chuig COGG chun aistriúcháin a dhéanamh. Caithfear cead an phríomhoide a fháil go bliantúil má bhíonn téacsleabhar Béarla in úsáid do aon ábhar. Is é gnó an mhúinteora nótaí a dhéanamh tré Ghaeilge le tacú le múineadh an ranga.

Is i nGaeilge a ullmhófar aon chur i láthair a dhéanfaidh na daltaí os comhair an phobail sa scoil. Más taobh amuigh den scoil é in ionad Béarla, bíodh an cur i láthair dhá-theangach, an Ghaeilge ar dtús i gcónaí.

Tá sé de dhualgas ar mhúinteoir a chinntiú go mbíonn fógraí agus litreacha a bhaineann leo féin cruinn ó thaobh na Gaeilge de.

An Béarla agus An Spáinnis

Ar bhonn neamh-fhoirmeálta inmheánach, nó má bhaineann an ocáid leis an ábhar, is ceadmhach do mhúinteoir an Béarla nó an Spáinnis a chur chun cinn i measc na ndaltaí. Is féidir saothar liteartha nó ealaíne sa Bhéarla nó sa Spáinnis a chur i láthair go poiblí más saothar fiúntach, de hardchaighdeán é agus cead faighte ón mBord Bainistíochta i scríbhinn roimh ré.

Foireann Tacaíochta na Scoile

Tá Gaeilge líofa riachtanach do gach ball foirne (mar sh. rúnaí, SNA, fear cothabhála) a bheidh ag plé leis na daltaí, na múinteoirí nó leis an bpobal. Tabharfar gach tacaíocht dóibh san freastal ar aon chúrsa a chuirfidh feabhas ar a gcuid Gaeilge agus cuirfear maoiniú ar fáil chuige sin.

Cuairteoirí

Má tá Gaeilge ag an gcuairteoir, is i nGaeilge a labharóidh siad. Is ceart don múinteoir atá i bhfeighil é sin a chur in iúl don gcuairteoir go soiléir roimh ré.

Daltaí

Tá sé de dhualgas ar na daltaí an méid Gaeilge atá acu a labhairt. Meallfar gach dalta chun meas agus grá a bheith acu don Ghaeilge.

Déanfar an obair bhaile i gcónaí i nGaeilge (féach riachtanaisí speisialta thíos).

Bíonn ranganna tar éis scoile ar fáil tré Ghaeilge saor in aisce do dhaltaí, a bhuíochas do Scéim na gCúntóirí Teanga. Má mholtar do dhalta freastal ar na ranganna seo, tá sé do dhualgas orthu é sin a dhéanamh.

Ní ghlactar sa scoil le h-aon dalta a bhfuil díolúine acu, nó atá ag lorg díolúine, ón nGaeilge ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta.

Modhanna leis an bpobal a spreagadh chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge.

Déanfar gach iarracht daltaí a spreagadh le Gaeilge a úsáid tré aitheantas do teanga agus imeachtaí taitneamhacha a eagrú:

- Bronnfar gradam fiúntach Gaeilge do dhalta amháin ar a laghad gach bliain.
- Aitheantas agus cabhair fé leith a thabhairt do chainteoirí dúchasacha.
- Comórtaisí idir ranganna a eagrú ó am go ham.
- Páirt a ghlacadh i gcomórtaisí liteartha agus cultúrtha (Eibhlís Ní Dhonnchadha+Sinéad Ní Fhathaigh)
- An Cultúr Gaelach a chothú agus a spreagadh. (Áine Ó Ceallaigh)
- Béim a chur ar chultúr, stair, canúint na háite. (Eibhlís Ní Dhonnchadha)
- Timpeallacht Ghaelach a chothú le fógraí agus postaeirí.
- Moladh a thabhairt dos na daltaí don iarracht a dhéanann siad.
- Aíonna mór le rá Gaelacha a thabhairt ag an scoil.

- Béim a chur ar Sheachtain na Gaeilge. (Áine Ní Dhonnabháin)
- Ceangal a dhéanamh le pobal Gaeilge na nDéise.
- Ceangal a dhéanamh le Gaeltachtaí agus scoileanna Gaeltachta agus lánGhaelacha eile eile.
- A cinntiú go leagtar os comhair na ndaltaí an tábhacht a bhaineann leis an scoil maidir le caomhnú na Gaeltachta.
- Gníomhaíochtaí taitneamhacha a dhéanamh….drámaí, díospóireachtaí, tráth na gceist, comórtaisí.
- Deis a thabhairt dos na daltaí iad féin a chur in iúl go poiblí i nGaeilge.
- Post freagrachta a úsáid chun an Ghaeilge a chur chun cinn. (Moladh)
- Nuacht litir a fhoilsiú gach dhá mhí ar a laghad

Coiste na dTuismitheoirí

Déanfar gach iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn ag cruinnithe an Choiste. Labhróidh na tuismitheoirí pé méid Gaeilge atá acu.

Beidh Gaeilge líofa i gcónaí ag an gCathaoirleach, mar beidh air/uirthi labhairt os comhair an phobail.

Is i nGaeilge a chuirfear aon ócáid sa scoil i láthair fé stiúir an Choiste. Más taobh amuigh den scoil a tharlaíonn sé, bíodh an Ghaeilge chun cinn i gcónaí.

Cuirfear ar an eolas gach tuismitheoir agus meallfar iad chun freastail ar aon chúrsaí Gaeilge a bhíonn ar siúl a bheadh oiriúnach dóibh.

Daltaí le riachtanaisí speisialta

Fáiltíonn Meánscoil San Nioclás roimh dhaltaí le riachtanais speisialta fad is acmhainn dó/di a s(h)aol scoile a chaitheamh tré mheán na Gaeilge.

Más é tuairim an mhúinteoir tacaíochta gur fearr d'aon dalta oibriú le téacsleabhar Béarla, obair bhaile a dhéanamh tré Bhéarla nó paipéirí scrúduithe scrite a dhéanamh tré Bhéarla, glacfar leis sin.

Coiste na Gaeilge

Beidh triúir de mhúinteoirí na scoile ar an gCoiste seo; glaofar ar an gCoiste sa chás is go bhfuil Riail na Gaeilge le cur i bhfeidhm. Má déantar gearán mar gheall ar dalta ag labhairt Béarla, scríobhfaidh an múinteoir a chuala an chaint, agus an dalta atá i gceist, cur síos ar an gcás agus raghaidh an dalta os comhair an Choiste.

Is é an Coiste a chuirfidh moladh os comhair an phríomhoide an dalta a chur ar fionraí nó a mhalairt.

Glacadh leis an gcaipéis seo mar pholasaí oifigiúil Gaeilge na Meánscoile.
Athbhreithniú dar dháta: _____

Síniú Cathaoirleach an Bhoird:_____